

Cúnamh Éireann, Spríoc 13 agus Vítneam



Is tír in Oirdheisceart na hÁise í Vítneam, ina bhfuil daonra os cionn 95 milliún duine. Tá Cúnamh Éireann, clár comhair Rialtas na hÉireann maidir leis an bhforbairt thar lear, ag cabhrú le daoine bochta agus ag tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide (Spríoc 13) i Vítneam.

Níos luaithe an tseachtain seo, d'fhoghlaimíomar faoin tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar an domhan agus faoin gcaoi is féidir leis a bheith ina chúis le himeachtaí adhaimsire (drochaimsir amach is amach), cosúil le triomach (easpa báistí), tuilte (an iomarca báistí) agus stoirmeacha.

Tá an talmhaíocht (feirmeoireacht) tábhachtach i Vítneam, díreach mar atá in Éirinn. Mar gheall ar an athrú aeráide, is minice a bhuaileann drochstoirmeacha Vítneam agus is féidir leis sin dul i bhfeidhm ar fheirmeoirí agus ar a mbarra. Bíonn rís agus casabhach á bhfás ag Xinh agus a muintir. Glasra fréimhe is ea an casabhach a bhreathnaíonn cosúil le práta fada tanaí. An t-airgead a fhaigheann siad as na barra a dhíol, cuidíonn sé leo éide scoile agus leabhair a cheannach do Xinh. Na himeachtaí adhaimsire a tharlaíonn mar gheall ar an athrú aeráide, is féidir leo an-dochar a dhéanamh do Xinh agus dá muintir, mar d'fhéadfadh sé nach mbeidís in ann a ndóthain bia a fhás dá gcuid béilí féin, ná le díol.



Ar scoil, foghlaimíonn Xinh agus a cairde conas a bheith sábháilte nuair a thagann na stoirmeacha, trí pháirt a ghlacadh i gclár faoin mBaol Tubaiste, clár a chuireann Plan International ar bun. Tá Plan International ar cheann de na heagraíochtaí neamhrialtasacha (nó na carthanais) a fhaigheann tacaíocht airgid ó Chúnamh Éireann.

Gach bliain, bailíonn Cúnamh Éireann faisnéis faoin athrú aeráide i Vítneam, le haghaidh tuarascáil faoin ngníomhú ar son na haeráide. Cuidíonn sé sin le Cúnamh Éireann a fheiceáil cé na hathruithe atá ag teacht ar aeráid Vítneam agus teacht ar réitigh mhaithe do leithidí Xinh agus a muintir.

Cúnamh Éireann, Sprioc 13 agus Vítneam

SMAOINIGH AIR

Tá freagraí na gceisteanna ar thaobh na láimhe clé ar leathanach 2

1. Ar thug tú aon rud faoi deara faoi theach Xinh a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh dá mbeadh tuile ag tarlú? Seinn an físeán arís. Déan cur síos ar an rud a chonaic tú agus ar an gcaoi a bhféadfadh sé a bheith ina chúnamh.

2. Cad is féidir leat a dhéanamh (nó atá á dhéanamh agat cheana féin) chun cuidiú linn Sprioc 13: Gníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach?

Freagra ar Cheist 1: Tá teach Xinh tógtha ar chosa taca chun an baol tuile a sheachaint Example
Freagra Samplach ar Cheist 2: Is féidir liom tosú ag múchadh fearas / Tá an méid bia a chuirim amú á
laghdú agam cheana.